# Beartas WHOIS

Soláthraítear leis an mbeartas seo, in éineacht leis an mBeartas Príobháideachta, tuilleadh sonraí maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil nuair a bhíonn an WHOIS gréasánbhunaithe á úsáid.

Glactar leis an mbeartas seo na téarmaí sainmhínithe a úsáidtear sna Téarmaí & Coinníollacha agus/nó sna Rialacha um Réiteach Aighneas.

**WHOIS Gréasánbhunaithe**
Nuair a bhíonn Ainm Fearainn á chlárú, cuirtear de cheangal ar an gCláraí glacadh leis na Téarmaí agus Coinníollacha a údaraíonn an Chlárlann chun sonraí teagmhála áirithe a chur ar fáil ar a WHOIS gréasánbhunaithe, chomh maith le sonraí teicniúla eile, chun trédhearcacht chóras na n-ainmneacha fearainn a áirithiú. Má chuirtear ceist faoi bhráid an WHOIS gréasánbhunaithe is féidir faisnéis a fháil faoin gCláraí agus faoin teagmhálaí riaracháin nó teicniúil atá ag riar an Ainm Fearainn.

**Cuspóir**
Is é is cuspóir leis an WHOIS gréasánbhunaithe, faisnéis réasúnta cruinn agus cothrom le dáta a sholáthar maidir leis na pointí teagmhála teicniúla agus riaracháin atá ag riar na n-ainmneacha fearainn.
Beidh na rialacha á sárú ag an gCláraí má chuireann sé nó sí isteach faisnéis mhíchruinn in aon turas.

**Faisnéis a fhoilsítear sa WHOIS gréasánbhunaithe**
Nuair is duine dlítheanach an Cláraí, foilsíonn an Chlárlann an fhaisnéis seo a leanas:

- ainm na heagraíochta;
- cathair agus tír;
- seoladh r-phoist
- teanga.

Nuair is duine nádúrtha an cláraí foilsíonn an Chlárlann seoladh r-phoist agus teanga an Chláraí.
Féadfaidh a gCláraitheoir a chur in iúl do dhaoine nádúrtha a chláraíonn Ainm Fearainn gur féidir seoladh r-phoist sonrach feidhmiúil a chruthú agus a úsáid lena fhoilsiú sa WHOIS mar mhalairt ar a seoladh r-phoist pearsanta a úsáid.
Ní nochtfar aon fhaisneis eile a bailíodh do thríú páirtithe seachas de réir an Bheartais Príobháideachta atá againn agus faoi mar atá leagtha amach thíos.

**Sonraí pearsanta a nochtadh**
D'fhéadfadh cúiseanna dlisteanacha a bheith ag tríú páirtithe atá ag iarraidh go ndéanfaí sonraí pearsanta a nochtadh nach bhfuil foilsithe sa WHOIS gréasánbhunaithe ach atá próiseáilite ag an gClárlann, de réir an Bheartais Príobháideachta.
Ní mór d'aon tríú páirtí nochtadh na sonraí sin a iarraidh trí fhoirm iarratais a chomhlánú agus:

- iad féin a chur in aithne;
- bunús a thabhairt leis na cúiseanna dlisteanacha atá leis an iarratas;
- aontú gan an fhaisnéis a sholáthraítear a úsáid chun críocha seachas iad sin a bhfuil bunús leo de bharr na gcúiseanna dlisteanacha thuasluaite.

Ní thabharfar rochtain ar shonraí pearsanta ach amháin sa chás go gcomhlíonann an tríú páirtí atá ag déanamh an iarratais na riachtanais ar fad, nó má ordaíonn gníomhaireacht um fheidhmiú an dlí, nó údarás breithiúnach nó údarás inniúil eile taobh istigh den Aontas Eorpach, atá ábalta a leithéid de rochtain a dheonú don Chlárlann sin a dhéanamh.

**Mí-úsáid sonraí WHOIS a chosc**
Chun mí-úsáid sonraí pearsanta a fhoilsítear ar an WHOIS gréasánbhunaithe a chosc, tá bearta slándála éagsúla i bhfeidhm ag an gClárlann, amhail líon na gceisteanna a theorannú.

Má chuireann tú ceist faoi bhráid an WHOIS gréasánbhunaithe, comhaontaíonn tú gan an fhaisnéis a úsáid chun:

- tarchur fógraíochta tráchtála gan iarraidh nó sirtheoireacht d'aon chineál eile a cheadú, a chumasú nó tacú leis, pé acu a ndéantar é trí r-phost nó ar bhealach eile;
- fógraíocht a dhíriú ar aon bhealach;
- spamáil a dhéanamh nó seachas sin cur as don Chláraí, nó don teagmhálaí riaracháin agus teicniúil ar aon bhealach.

**Inrochtaineacht Idirlín**

Tá uirlisí speisialta inrochtaineachta ar fáil do lucht lagamhairc. Is féidir le lucht lagamhairc ceisteanna a chur maidir le hAinmneacha Fearainn ag úsáid WHOIS gréasánbhunaithe slán ach ainm úsáideora agus pasfhocal a iarraidh ar an gClárlann.